# DUILLEOG


## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 32

Nollaig 2014


# Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair 2014



An Crann Óg ag seoladh Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair i gColáiste Phádraig, Drom Conrach ar an 11ú Samhain




Clár le fáil sa Chrannóg

## Glór na nGael Gaoth Dobhair 2014

Tá iarratas Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair curtha ar an ghearr liosta sa mholtóireacht do chomórtas na bliana seo. Tá an Comharchumann san iomaíocht don Chomórtas ó bunaíodh é i 1988 ach bhí Gaoth Dobhair san iomaíocht i gComórtas Ghlór na nGael ó bunaíodh an comórtas i 1961.

Beidh na torthaí á bhfógairt i mí Feabhra 2015.



# Scór na nÓg








Clodagh agus Ailbhe Ní Ghallchóir




**Oireachtas na Gaeilge i gCill Áirne 2014**

Fuair Ailbhe an chéad áit sa chomórtas aithriseoireachta agus corn i gcuimhne Sheán Mac Niallais agus fuair Clodagh an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta faoi 15.

Ár gcomhgháirdeas leo

## Comhordaitheoir Ceoil

Tá Marína Nic Giolla Bhríde as an Charraig ceaptha ag an Chomharchumann mar co-órdnóir Ceoil agus Cultúir ó thús mhí na Samhna. Is le forbairt agus comh ordú a dhéanamh ar Scoil Cheoil na Crannóige ata an ceapachán seo déanta le tacaíocht ón Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta

## Scór na nÓg C.L.G Ghaoth Dobhair

D'éirigh leis an Bhailéid Ghrúpa agus an grúpa Ceoil Uirlíse bua a bheith acú i gCraobh Leath Cheannais Uladh i nGleann Uillinn i gCo Dhoire ar 7 Nollaig. Beidh siad ag iomaíocht i gCraobh Uladh i mí Eanáir 2015.

Siad na hiomaitheoirí sa Bhailéid Ghrúpa "Loinnir", nó Eimear Ní Chomhaill, Maedhbh Nic Giolla Bhríde, Caoimhe Breathnach, ona Cathal Ó Curráin agus Clodagh Ní Ghallchóir.

An Grúpa Ceoil Uirlíse; Megan Nic Fhionnghaile Caitríona Ní Gribhín, Étaín Haicéid agus Eimear Nic Giolla Comhaill.

Cathal Ó Curráin.

D'éirigh le Clodagh agus Ailbhe Ní Ghallchóir fáil fríd leis an amhránaíocht aonair ag Clodagh agus Ailbhe san aithriseoireacht go craobh na Contae a bhí i nBaile Dhún na nGall.

Is baill iad uilig do Scoil Cheoil na Crannóige.

Comhgháirdeas leo uilig.




An Crann Óg in Fort William in Albain i mí Dheireadh Fómhair 2014.
Bhí an turas seo eagraithe le hurraíocht ó thogra Cholmcille atá faoi scáth Fhoras na Gaeilge

# An Phleanáil Teanga

**Tá na coistí pobail Gaeltachta atá le bheith mar cheann eagraíochtaí don phróiséis Pleanála Teanga fógraithe go hoifigiúil ag Údarás na Gaeltachta ó thús mhí na Samhna. Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ar cheann acu sin. Sé an ceantar atá i gceist nó Gaoth Dobhair, Annagaire, Loch an Iúir agus Rann na Feirste. Tá tréimhse dhá bhliain leagtha síos le plean teanga a chur le chéile a mbeidh coiste stiúrtha ina bhun.**

**Beidh obair a bheas dúshlánach i gceist do na pobail Ghaeltachta uilig san am atá amach romhainn leis an Phleanáil Teanga a chur i bhfeidhm.**

# Lá Teaghlaigh

## sa Chrannóg Dé Sathairn 13 Nollaig

## Beidh Daidí na Nollag anseo ag an 12 a chlog!

* Bacáil Baile
* Obair Cheirde
* Earraí ar díol
* Ceol & Craic!



## " Scioból na bhFear"

In Ionad H in aice le ionad an NCT ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair.



## "Aisteoirí Óga Ghaoth Dobhair"

Ceardlanna,
Sceitsí,
Dramaíocht
& Craic

Bain Trial as!



**SA CHRANNÓG GACH SATHARN ÓN 1.00I.N. - 3.00I.N.**

COSTAS €10 DO CHLÁRÚ AGUS ÁRACHAS

€3 DO GACH SEISIÚN

(DO DHÉAGÓIRÍ)

Eolas ó Chathal ag 95 32208



## Scoil Cheoil na Crannóige

**Ranganna Ceoil uirlise agus amhránaíochta do phaistí .**

**Ranganna ar fáil in:**

- **PÍOBAÍ UILEANN** (Dé Luain ag 5.00)
- **GIOTAR** (Dé Luain ag 6.00)
- **BOSCA CEOIL** (Dé Máirt ag 6.00)
- **FLIÚT** (Dé Máirt ag 6.00)
- **BÓDHRÁN & DRUMAÍ** (Dé Máirt ag 7.00)
- **CONSAIRTíN** (Dé Cead ag 6.00)
- **FIDIL** (Dé Cead ag 6.00)
- **MANDOLIN** (Dé Cead ag 7.00)
- **BANJO** (Dé Céad ag 7.00)
- **FEADÓG** (Deardaoin ag 6.00)

**Agus**

**AMHRÁNAÍOCHT GHAEILGE ( ó 10 mbl suas)** (Dé Luain ag 7.00)

**Rang Scéalaíochta& Aithriseoireachta do pháistí bunscoile gach Déardaoin 5.00 – 6.00**

**Táille** : €30 do shraith de 5 rang

**Teorann aois:** 8 mbliana d'aois do na h-uirlisí go léir (ach amháin feadóg - 6 bliana d'aois)

**Tuilleadh eolas ó 9532208**